

North South Ministerial Council  
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta  
Thuaidh Theas  
An Chomhrúnaíocht

# **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS**

## **AN DÓU CRUINIÚ IOMLÁNACH DÉAG TEACH FARMLEIGH, BAILE ÁTHA CLIATH 10 MEITHEAMH 2011**

### **DRÉACHT-CHOMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an dóú cruinniú iomlánach déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath, ar an 10 Meitheamh 2011.
2. I gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann bhí an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh T.D. I gceannas ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann bhí an Céad-Aire, Peter Robinson MLA, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP MLA. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn. Ba é an Taoiseach a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú.
3. Thug an cruinniú deis do Rialtas nua na hÉireann agus d'Fheidhmeannas nua Thuaisceart Éireann bualadh le chéile den chéad uair agus tuairimí a roinnt ar réimse leathan saincheisteanna is cúram do agus is spéis leis an dá dhream. Phléigh na hAirí dúshláin éagsúla atá le sárú ag an dá rialtas agus roinn siad tuairimí ar an ngeilleagar, saincheisteanna fíoscacha, na

bainc agus NAMA. Ó tharla srianta a bheith ar bhuiséid sa dá dhlínse, aithníodh na buntáistí a bhaineann le comhoibriú praiticiúil agus an gá atá le coigiltis trí chomhoibriú. Leanfar le comhráite air seo idir na hAirí Airgeadais agus cuirfidh siad tuairisc air seo ar fáil ag an gcéad Chruinniú Iomlánach eile i mí na Samhna 2011.

4. Chuir na hAirí fáilte roimh an gcomhoibriú atá ag dul i méid i réimse na nuálaíochta laistigh den Aontas Eorpach agus nótáil siad go dtionólfar Comhdháil ar Nuálaíocht i mBéal Feirste ar an 30 Meitheamh 2011. Beidh an Chomhdháil sin dírithe ar chomhoibriú i gCreachláir Eorpacha a mhéadú agus beidh Airí ón dá dhlínse i láthair. Nótáladh go bhféadfadh comshochair inláimhsithe a bheith mar thoradh ar a leithéid de chomhoibriú.
5. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an dearbhú a tugadh sa dá dhlínse go dtacófar le forbairt seirbhís satailíte radaiteiripe in Allt Mhic Dhuibhleacháin.

## **TUARASCÁIL NA GCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN**

6. Nótáil na hAirí an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn chruinnithe na CATT a tionóladh ó mhí na Bealtaine 2007.

Nótáil na hAirí freisin an comhoibriú comhthairbheach atá á thabhairt chun cinn ag na Forais Forfheidhmiúcháin Thuaidh Theas, Turasóireacht Éireann agus i réimsí eile comhoibrithe na CATT, ag cur san áireamh:

- Le linn 2010, thionscain os cionn 150 cuideachta tionscadail trádála nó nuálaíochta de chuid InterTrade Ireland. Is easpórtálaithe céaduaire 22 cuideachta acu sin agus is nuálaithe céaduaire 12 cuideachta acu sin. Bhain meán-Toradh ar Infheistíocht InterTrade Ireland, ina phunann de Chláir Trádála agus Nuálaíochta trí chéile, a sprioc do 2010 amach ag 8:1 agus mar thoradh ar ghníomhaíochtaí InterTrade Ireland, thuairiscigh cuideachtaí a bhí ag glacadh páirt sna cláir gur cruthaíodh 94 post nua sa bhliain 2010
- Tionólfaidh Uiscebhealaí Éireann cruinniú in Inis Ceithleann ón 13-16 Meán Fómhair 2011 dá 17 gcomhpháirtí as 13 thír i dtionscadal INTERREGIVc ar a dtugtar 'Waterways Forward'

- Tá sé mar sprioc ag Turasóireacht Éireann don bhliain 2011 filleadh ar fhás líon na dturasóirí ó thar lear chuig an oileán seo ó gach margadh, le béim ar leith ar mhargadh na Breataine atá fós ar an margadh turasóireachta is tábhachtaí thar lear d'oileán na hÉireann.
- Tá comhoibriú ar chur i bhfeidhm na gclár Forbartha Tuaithe agus chlár an AE ar ardtosaíocht. Tá ag éirí níos fearr de réir a chéile leis an tacaíocht atáthar a thabhairt do thionscadail forbartha tuaithe trasteorann agus trasphobal ó thaobh cistiú a fháil ón AE. I measc na dtionscadal sin tá tionscadal £1.3m /€1.5m INTERREG IVA idir Chomhairle Ceantair an Lúir agus Mhúrn agus Comhairle Contae Mhuineacháin agus Bord Fiontar Chontae Mhuineacháin chun infreastruchtúr turasóireachta agus fiontair a fhorbairt ar fud cheantar Mhuineacháin agus Dheisceart Ard Mhacha.
- Tá Fóram Lastais uile-oileáin bunaithe. Tá obair an Fhóraitm tionscaltreoraithe agus bunaithe ar shaincheisteanna. Tá sé á threorú ag grúpaí oibre atá ag díriú ar acmhainn iomaíochta agus inbhuanaitheacht, iompar lastais ar bhóithre atá sábháilte, oiriúnach agus éicéifeachtúil, lastas iarnróid agus roghanna eile, lúdracht idirnáisiúnta, agus bainistíocht gréasáin agus sonraí.
- Tá stad breise ar an tseirbhís Traenach Enterprise ag Lios na gCearrbhach agus seirbhís gan stad luath ar maidin idir an tlúir agus Baile Átha Cliath tugtha isteach. Tá roinnt beart ar na bacáin ag an dá chuideachta iarnróid, atá le tabhairt chun cinn sna hocht mhí dhéag atá le teacht, faoi réir mholtaí a rinneadh i dtuarascáil Chomhdháil Enterprise Rail.

7. Nótáil na hAirí go bhfuil Boird na bhForas Forfheidhmiúcháin Thuaidh Theas agus Bord Turasóireacht Éireann le hathnuachan i mí na Nollag 2011 agus go dtabharfar ainmniúcháin i gcomhair ceapacháin chun cinn i gcomhair a bhfaofa ag an gcruinniú lomlánach CATT i mí na Samhna 2011

## **DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL BHÓITHRE AN A5 AGUS AN a8**

8. Nótáil na hAirí an dul chun cinn go dtí seo ar an A5 (Tairseach an Iarthuaiscirt go hAchadh na Cloiche) agus an A8 (Béal Feirste go Latharna) agus d'aontaigh siad go n-íocfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt £11 milliún le Ciste Comhdhlúite Thuaisceart Éireann. Chuir an Chomhairle

fáilte roimh thiomantas leanúnach Rialtas na hÉireann do chistiú na dtionscadal seo agus d'aontaigh siad go ndéanfaidh siad breithniú ar thuarascáil eile ar dhul chun cinn ag an gcéad chruinniú lomlánach eile de chuid na CATT.

### **ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN**

9. Nótáil na hAirí tograí a bhaineann le Téarmaí Tagartha 1 agus a d'ullmhaigh an Grúpa Athbhreithnithe ar Chomhaontú Chill Rímhinn de thoradh comhairliúchán ar mholtaí i dtuarascáil a d'ullmhaigh saineolaithe/comhairleoirí an Ghrúpa Athbhreithnithe. D'aontaigh siad go gcuirfead iad seo ar aghaidh, i dteannta cóip den tuarascáil, i gcomhair breithniú na nAirí san Fheidhmeannas nua agus i Rialtas na hÉireann ar a bhfuil freagracht as na Forais Thuaidh Theas agus i gcomhair breithniú na nAirí Airgeadais agus, i bhfianaise na mbreithnithe sin, déanfaidh Comhrúnaíocht na CATT moltaí chun an ghné sin den athbhreithniú a chur i gcrích ag cruinniú lomlánach na CATT i mí na Samhna 2011. D'aontaigh siad freisin go bpléifear Téarmaí Tagartha 2 agus 3 d'Athbhreithniú Chill Rímhinn ag an gcruinniú sin.

### **AN FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUaidh THEAS**

10. Nótáil na hAirí cúlra agus forbairtí úrnua ar an bhFóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas agus d'aontaigh siad plé ar an tsaincheist seo a thabhairt chun críche ag an gcruinniú lomlánach i mí na Samhna 2011.

### **AN FÓRAM PARLAIMINTE THUaidh THEAS**

11. Nótáil na hAirí gur iarr Ceann Comhairle Dháil Éireann agus Ceann Comhairle Chomhthionól Thuaisceart Éireann, tar éis comhdháil de chuid an Fhórait Parlaiminte Thuaidh Theas a tionóladh sa Chaisleán Nua ar an 7/8 Deireadh Fómhair 2010, go dtabharfaidh na Grúpaí Oibre atá bunaithe i ngach aon institiúid ar aghaidh plé ar ionchas an Fhórait Parlaiminte Thuaidh Theas. D'iarr siad freisin ar na Grúpaí Oibre plé a dhéanamh ar chomhdháil eile, cruinniú tionscnaimh agus ar smaointe eile a moladh ag an gcomhdháil agus oibriú i gcomhar lena chéile, ag tabhairt san áireamh an cion tairbhe luachmhar a bhí ag an gcomhdháil ó thaobh tuiscint níos fearr ar bhuncheisteanna spéise agus cúraim do chomhaltaí Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus Thithe an Oireachtais. Nótáil na hAirí freisin rún na beirte Ceann Comhairle comhchruinniú de na Grúpaí Oibre a thionól i mBaile Átha Cliath ar an 23 Meitheamh.

## **SAINCHEISTEANNA SOGHLUAISTEACHTA TRASTEORANN**

12. Nótáil na hAirí go bhfuil obair bhreise ar réimse saincheisteanna soghluaisteachta trasteorann tugtha chun cinn ag Comhrúnaíocht na CATT agus go ndéanfar iarratas ar bhreis cistithe le INTERREG IVA do shuíomh gréasáin Border People. Áireoidh an t-iarratas seo, a bhfuil tacaíocht i bprionsabal aige ón nGníomhaireacht Slándála Sóisialaí, ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó Chomhrúnaíocht na CATT iarratas ar chistiú do ghréasán comhairleoirí as eagraíochtaí atá ann cheana féin chun dul i ngleic le saincheisteanna casta a bhaineann le leas agus cáin trasteorann.

## **CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO**

13. Cheadaigh an Chomhairle sceideal do chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, ag nótáil go ndéanfaidh Comhrúnaíocht na CATT, i gcomhairle leis na Ranna ábhartha, socruithe do dhátaí ar leith do gach ceann de na cruinnithe sin. Nótáil siad gur ar an dara seachtain de mhí an Mheithimh agus ar an tríú seachtain de mhí na Samhna a thionólfar cruinnithe lomlánacha CATT amach anseo

**An Chomhrúnaíocht  
10 Meitheamh 2011**

## IARSCRÍBHINN A

### CRUINIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS FARMLEIGH, BAILE ÁTHA CLIATH – 10 MEITHEAMH 2011

<b>Rialtas na hÉireann</b>	<b>Feidhmeannas Thuaisceart Éireann</b>
Éanna Ó Coinnigh TD Taoiseach	An Ró-Onórach Peter Robinson MLA Céad-Aire
Mícheál Ó Núnáin TD Aire Airgeadais	Martin McGuinness MP MLA An LeasChéad-Aire
Ruairi Ó Cuinn TD Aire Oideachais agus Scileanna	Alex Atwood MLA Aire Comhshaoil
Breandán Ó Húilín TD Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Stephen Farry MLA Aire Fostaíochta agus Foghlama
Risteard de Briotún TD Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Danny Kennedy MLA Aire Forbartha Réigiúnaí
Joan Burton TD Aire Coimirce Sóisialaí	Nelson McCausland MLA Aire Forbartha Sóisialaí
Séamus Ó Duibhneacháin TD Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	Carál Ní Chuilín MLA Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
Pádraic Ó Coinín TD Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha	John O'Dowd MLA Aire Oideachais
Pilib Ó hÓgáin TD Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Michelle O'Neill MLA Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Siomón Ó Coibheanaigh TD Aire Talmhaíochta, Mara agus Bia	Sammy Wilson MP MLA Aire Airgeadais agus Pearsanra
Proinséas Nic Gearailt TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	Martina Anderson MLA Aire Sóisearach in Oifig an Chéad- Aire agus an LeasChéad-Aire
Seamus Ó Raghallaigh TD Aire Sláinte	Jonathan Bell MLA Aire Sóisearach in Oifig an Chéad- Aire agus an LeasChéad-Aire
Leo Varadkar Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	

